



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

ROINN 2 (90 marc)

DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30

Nóta: Tá **Roinn 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Ná dearmad, le do thoil, go gcaithfear **Fillteán** comhlánaithe **Roinn 1** a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

ROINN 2 (90 MARC)

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

- A. Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a tugadh duit.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn na Sionainne
- An limistéar faoi fhoirgnimh i gCora Droma Rúisc
- Príomhbhóthar Náisiúnta an N4
- Limistéar ina bhfuil coillearnach mheasctha.

[10]

- B. (i) ‘Bhí daoine lonnaithe i bhfad siar sa stair sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil.’

Ainmnigh agus aimsigh, agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, aon **DÁ** shampla dhifriúla de lonnáiocht stairiúil.

- (ii) Ainmnigh agus mínígh **DHÁ** shlí ina bhféadfadh sé gur imir Abhainn na Sionainne tionchar ar fhorbairt Chora Droma Rúisc.

[10]

- C. Tá éagsúlacht seirbhísí ar fáil i mbaile Chora Droma Rúisc.

- (i) Ainmnigh agus aimsigh, agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, aon **DÁ** cheann de na seirbhísí seo.

- (ii) Luaigh conas is féidir le muintir na háite úsáid a bhaint as gach ceann de na seirbhísí seo.

[10]

Ceist 2. AERFÓTAGRAF

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chora Droma Rúisc a thugtar leis an bpáipéar seo.

[**NOD:** Cuimhnigh – Is fótagraf fiar é seo. Dá bhrí sin, is cóir duit na **téarmaí cearta** a úsáid e.g. cúlra ar clé, an lár ar dheis, lár an tulra, etc.]

- A. Tarraing sracléarscáil den limistéar ar fad a thaispeántar ar an bhfótagraf.

Ar do shracléarscáil **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Abhainn na Sionainne
- Muiríne le báid
- Dhá bhóthar ag cónascadh
- An Lárcheantar Gnó (CBD).

[10]

- B. (i) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, ainmnigh agus aimsigh **DHÁ** ní is díol spéise do thurasóirí a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Tógadh árasáin ar bhruach na habhann, sa chúlra ar dheis, san aerfótagraf.

- (ii) Ainmnigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an suíomh seo.
(iii) Ainmnigh míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an suíomh seo.

[10]

- C. Iarradh ort ionad siopadóireachta a thógáil i gCora Droma Rúisc.

(i) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, déan sainaithint ar shuíomh oiriúnach don ionad siopadóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

(ii) Ainmnigh agus mínigh **DHÁ** chuí gur roghnaigh tú an suíomh seo.

(iii) Mol míbhuntáiste **AMHÁIN** a d'fhéadfadh a bheith leis an suíomh seo.

[10]

Cceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH

Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna 3A, 3B, 3C, 3D.

3A. Cúnamh go dtí Tíortha i mBéal Forbartha

| | |
|---|--|
|   | <p>Achainí i dtaobh Triomaigh sa tSiomáil</p> <p>Tá na mílte duine marbh ag an triomach is measa sa tSiomáil le 60 bliain. Tá géarghá le tacaíocht lena chinntíú go bhfaighidh teaghlaigh an bia atá uathu chun go mairfidís.</p> <p>Tá Maryan, sa phictiúr, tar éis aistriú go dtí campa chun cabhair a lorg. Tá a leanáí go léir míchothaithe agus bhí a fhios aici gur dócha go bhfaighidís bás dá bhfanfadh sí ina baile féin.</p> <p>www.concern.net</p> |
|---|--|

Léigh an eolas thuas agus freagair na ceisteanna a leanas.

- (i) Mínigh cad is brí leis an téarma ‘triomach’.
- (ii) Conas a chuireann triomach isteach ar fheirmeoí agus ar tháirgeacht bia?
- (iii) Mínigh cad is brí leis an téarma ‘míchothaithe’.
- (iv) Cad a thugtar ar an gcineál cúnaimh a mbíonn gá leis nuair a bhíonn triomach mar seo ann?

[10]

3B. Gaoth

- (i) Ainmnigh na gléasanna aimsire a úsáidtear chun:
 - luas na gaoithe a thomhas
 - treo na gaoithe a thaispeáint.
- (ii) Déan cur síos ar an tslí a gcuireann gaoth aduaidh isteach ar an aimsir in Éirinn sa gheimhreadh.
- (iii) Is acmhainn in-athnuaithe í an ghaoth.
Mínigh cad is brí leis seo.

[10]

Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCH (ar lean)

3C. Staidéar ar Dhaonra

Taispeánann an tábla seo an daonra i gcathracha in Éirinn sna blianta 2006 agus 2011.

| Cathracha in Éirinn | 2006 | 2011 |
|---------------------|---------|---------|
| Baile Átha Cliath | 506,000 | 525,000 |
| Corcaigh | 119,000 | 119,000 |
| Gaillimh | 72,000 | 75,000 |
| Luimneach | 60,000 | 57,000 |
| Port Láirge | 46,000 | 47,000 |

Curtha in oiriúint ó www.CSO.ie

- (i) Cé acu cathair inar tháinig laghdú ar an daonra?
- (ii) Cé acu cathair nach raibh athrú ó thaobh daonra uirthi de idir 2006 agus 2011?
- (iii) Cén méadú a tháinig ar an daonra in mBaile Átha Cliath idir 2006 agus 2011?
- (iv) Mol **DHÁ** chúis leis an méadú seo ar an daonra.

[10]

3D. Staidéar Uirbeach




www.google.ie

- (i) Taispeánann na fótagraif thus feidhmeanna difriúla uirbeacha. Ainmnigh agus déan cur síos ar aon **DÁ** fheidhm a thaispeántar sna fótagraif.
- (ii) Ainmnigh agus mínígh fadhb **AMHÁIN** a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine a mhaireann i gcathair.

[10]

Ceist 4. TÍREOLAÍOCHT FHSICEACH

A. Creathanna Talún agus Súnámaithe



www.usgs.gov

Ar an 11 Márta, 2011, bhuail súnámaí cósta na Seapáine.

- (i) Déan cur síos ar conas mar a tharlaíonn crith talún, ag tosú ag an bhfócas.
- (ii) Le cabhair na léaráide, mínígh cad is ‘súnámaí’ ann.
- (iii) Déan cur síos ar iarmhairt **AMHÁIN** a bhíonn ag súnámaí nuair a bhuaileann sé cathair mhór.

[12]

B. Tírghnéisithe abhann

- (i) Ainmnigh gné **AMHÁIN** gur aibhneacha a chruthaíonn í.
- (ii) Tarraing léaráid den ghné a d’ainmnigh tú.
- (iii) Mínigh conas mar a cruthaíodh an ghné seo.

[10]

C. Carraigeacha

- (i) Ainmnigh carraig dhriodair **AMHÁIN agus** déan cur síos ar úsáid **AMHÁIN** a bhaintear as an gcarraig seo.
- (ii) Ainmnigh carraig mheiteamorfach **AMHÁIN agus** déan cur síos ar úsáid **AMHÁIN** a bhaintear as an gcarraig seo.

[8]

Ceist 5.


GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHTA

A.

Ola agus Gás na hÉireann

Taispeánann an léarscáil ar dheis líonra Gáis Nádúrtha na hÉireann.

- (i) Ainmnigh an gáscheantar lipéadaithe **X** ar an léarscáil.
- (ii) Déan cur síos ar **DHÁ** bhuntáiste a a bhaineann le hola nó gás a aimsiú, i dtír cosúil le hÉirinn.
- (iii) Ainmnigh **DHÁ** shlí ina n-úsáideann daoine ola.




www.bordgais.ie

[10]

B.

Acmhainní agus Teicneolaíocht



- (i) Mínigh an téarma 'ró-iascaireacht'.
- (ii) Mínigh conas mar a chuir **TRÍ** cinn de na teicneolaíochtaí a thaispeántar thuas leis an ró-iascaireacht.
- (iii) Ainmnigh slí **AMHÁIN** chun stoic éisc a chaomhnú.

[10]

C.

An Fheirmeoireacht mar Chórás

- (i) Agus tagairt agat d'fheirm a ndearna tú staidéar uirthi, déan cur síos ar an tslí inar féidir cur síos a dhéanamh ar an bhfeirmeoireacht mar chóras le hionchuir, próisis agus aschuir.
- (ii) Mínigh an téarma 'feirmeoireacht mheasctha'.

[10]

Leathanach Bán